

**Na Critéir Roghnúcháin don 7ú Tionól Lindau do Bhuaiteoirí Ghradam Sveriges Riksbank sna hEolaíochtaí Eacnamaíochta i gCuimhne ar Alfred Nobel**

Tá áthas ar an gComhairle um Thaighde in Éirinn a fhógairt go bhfuil an ghairm le haghaidh ainmniúchán oscailte do thaighdeoirí bunaithe in Éirinn, ag obair i réimse na n-eolaíochtaí eacnamaíochta, chun freastail ar an 7ú Tionól Lindau do Bhuaiteoirí Ghradam Sveriges Riksbank sna hEolaíochtaí Eacnamaíochta i gCuimhne ar Alfred Nobel.

Beidh an tionól ar siúl idir 25 agus 29 Lúnasa 2020 ar oileán Lindau, suite ar Loch Constance i ndeisceart na Gearmáine. Beidh suas le 500 eacnamaí, mic léinn iarchéime don chuid is mó, chomh maith le mic léinn iardhochtúireachta agus ollaimh chúnta óga i measc an lucht éisteachta ag léachtaí, díospóireachtaí painéil agus seisiúin phlé speisialta na mBuaiteoirí Gradaim. Tá tuilleadh eolais le fáil ar [www.lindau-nobel.org](http://www.lindau-nobel.org).

Ba chóir go mbeadh na critéir seo a leanas ag na hiarratasóirí ainmnithe:

- Chun a bheith incháilithe mar eacnamaí óg ba cheart go mbeadh na hiarratasóirí faoi bhun 35 bliana d'aois, ag barr a ranga / a gcóhóirt, agus le moltaí láidre óna stiúirthóirí acadúla.
- Ba cheart go mbeadh clár taighde tréitheach ag na hiarratasóirí.
- Ba cheart go mbeadh fíorshuim ag iarratasóirí sa chomhrá idirnáisiúnta laistigh den phobal acadúil.
- Ba cheart go mbeadh líofacht sa Bhéarla ag iarratasóirí.
- Ba cheart go mbeadh iarratasóirí sásta ullmhúchán ceart agus cúramach a dhéanamh i gcomhair tionól Lindau.

(1) Ba cheart go mbeadh na cáilíochtaí seo a leanas ag mic léinn iarchéime:

- Cúlra acadúil den scoth.
- Roinnt taithí taighde ar a laghad.
- Taithí tosaigh ar a laghad i dteagasc agus / nó sa mhúinteoireacht.

(2) Ba cheart go mbeadh na critéir seo a leanas ag mic léinn iardhochtúireachta nó ag eolaithe atá go luath sa phróiseas tionachta:


- Níos lú ná 5 bliana ó bronnadh dochtúireacht orthu.
- Páipéir acadúla den scoth foilsithe acu in irisleabhair acadúla atá aitheanta go forleathan.
- A dtaighde curtha i láthair acu ag comhdhálacha idirnáisiúnta.
- Le taithí mhaith teagaisc agus / nó múinteoireachta.

Ba cheart go mbeadh na gnéithe seo a leanas ag na litreacha molta:

- Fad leathanaigh A4 agus iad curtha isteach i bhfoirm PDF;
- Fur síos ar ghaiscí an iarratasóra **seachas** cur síos a dhéanamh ar an institiúid ainmniúcháin;
- Litreacha pearsanta a bheith cumtha do gach aon iarratasóir **seachas** litir chaighdeánach atá díreach mar an gcéanna le litreacha gach iarratasóir eile;
- Sonraí a thabhairt faoi na gaiscí ar leith atá déanta ag an iarratasóir san obair eolaíochta / chliniciúil agus / nó i gcur le feasacht an phobail faoin taighde.



**IRISH RESEARCH COUNCIL**  
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn



Tabhair i gcuimhne le do thoil gur gné thábhachtach í an litir mholta sa phróiseas meastóireachta agus go dtéann sí i bhfeidhm ar na torthaí.

Táimid buíoch as bhur gcomhoibriú linn agus táimid ag tnúth go mór le bhur n-ainmniúcháin a fháil.

Ba cheart ceisteanna faoin gairm seo a seoladh chuig [Lindau@research.ie](mailto:Lindau@research.ie) agus '7th Lindau Meeting - Economic Sciences' a chur i líne an Ábhair.